

Nuachainteoirí san Eoraip Ilteangach

New Speakers in a multilingual Europe



“Is spéis le baill ár ngréasáin cainteoirí dátheangacha agus ilteangacha a thrasnaíonn teorainneacha sóisialta agus teangeolaíocha, a shealbháíonn spásanna teangeolaíocha nua nó a chuireann iad féin in oiriúint dóibh”

Tá an gréasán seo, atá maoinithe ag COST, ina chuid de chreatlach idir-rialtasach um Chomhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (COST).

“Our network members are interested in bilingual and multilingual speakers who cross social and linguistic boundaries, adopt or adapt themselves to new linguistic spaces”

Our COST funded network is part of an intergovernmental framework for European Cooperation in Science and Technology (COST).

Is féidir sásamh agus tairbhe a bhaint as teangacha a fhoghlaim, ach bíonn tacaíocht de dhíth uaireanta chun taithí dhearfach a fháil ar úsáid na dteangacha nua sin

Learning languages can be rewarding but sometimes support is needed to make using new languages a positive experience.

Is tábhachtach an rud í teanga chun teacht ar oideachas, ar fhostaíocht, ar sheirbhísí sóisialta, ar chúram sláinte, ar an dlí agus ar rannpháirtíocht phobail.

Language is important for accessing education, employment, social services, healthcare, the law and for community participation.

Mar thoradh ar an domhandú, an ollghluaiseacht dhaonna, an líonrú trasnáisiúnta agus múnlaí nua eacnamaíocha, táthar ag glacadh leis an ilteangachas mar ghnáthrud anois.

Globalisation, more movement of people, transnational networking and new forms of economy are making multilingualism the norm.

Do pháistí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta, baineann spraoi agus dúshlán araon le teanga nua a labhairt. Seans go ndéarfair leo nach bhfuil blas ceart ar a gcuid cainte. Seans nach bhfuil teacht acu ar dheiseanna cleachtaidh i dtimpeallacht thacúil.

For children, young people and adults, speaking a new language can be fun but also challenging. They may be told that their accent isn't right. They may lack opportunities to practice in a supportive environment.

Seans nach bhfuil teacht iomlán ná cothrom ag nuachainteoirí ar sheirbhísí sóisialta, ar dheiseanna fostaíochta ná ar an rannpháirtíocht pholaitiúil.

New speakers may not have a full and equal access to social services, job opportunities or political participation.

Is beag staidéar atá déanta ar an éagothroime atá bunaithe ar theangacha, ach d'fhéadfadh an éagothroime sin cur isteach ar lánpháirtíú, ar chomhtháthú sóisialta agus ar fhorbairt eacnamaíochta na hEorpa.

Language-based inequalities are little studied, but they pose a potential challenge to European integration, social cohesion and economic development.

Ár n-aidhmeanna:

- Moltaí beartais a dhéanamh
- Deiseanna taighde nua a ransú
- Treoirínte a fhorbairt d'eagraíochtaí le cabhrú leo déileáil leis an ilteangachas sa tsochaí chomhaimseartha
- Scéalta 'nuachainteoirí' agus samplaí den dea-chleachtas a roinnt

Our objectives:

- Make policy recommendations
- Explore new avenues of research
- Develop guidelines for organisations on how to deal with multilingualism in contemporary society
- Share 'new speaker' stories and examples of good practice

Tuiscint a fháil ar na **deiseanna** agus na **dúshláin** a bhaineann le teanga bhreise a shealbhú agus bheith i do 'nuachainteoir'

- Gréasán taighde Eorpach ina bhfuil taighdeoirí as 28 dtír.
- I mbun taighde ar thaithí 'nuachainteoirí' san imirce, san oideachas, sa chúram sláinte, sa chultúr óige, san ionad oibre, sna córais dlíthiúla, sa teachlach agus in eagraíochtaí neamhrialtasacha.
- Príomh-phróifíil na gcainteoirí:
 - ★ mionlaigh réigiúnacha
 - ★ inimircigh
 - ★ oibrithe trasnáisiúnta

Mairimid in Eoraip ilteangach agus inár dtaighde is mian linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn 'nuachainteoirí' teanga nua agus ar an gcaoi a n-úsáideann siad an teanga sin go sóisialta agus go gairmiúil araon.

*Cathaoirleach: Bernadette O'Rourke,
Ollscoil Heriot-Watt
Leaschathaoirleach: Joan Pujolar,
Universitat Oberta de Catalunya*

We live in a multilingual Europe and in our research we want to understand what it means for 'new speakers' to learn and use a new language both socially and professionally.

*Chair: Bernadette O'Rourke,
Heriot-Watt University
Vice-Chair: Joan Pujolar,
Universitat Oberta de Catalunya*

Understanding the **opportunities** and **challenges** of becoming a 'new speaker' of an additional language

- European research network involving researchers from 28 countries.
- Researching the experience of 'new speakers' in migration, education, healthcare, youth culture, the workplace, legal systems, families, Non-governmental Organisations (NGO's).
- Main profiles of speakers:
 - ★ regional minorities
 - ★ immigrants
 - ★ transnational workers

Bain úsáid as ár suíomh idirlín chun:

- Eolas agus taighde faoi nuachaintoirí i gcomhthéacsanna ilteangacha a aimsiú
- Cás-staidéir ó réimse leathan comhthéacsanna agus suíomhanna a léamh
- Do thaighde agus do thionscnaimh féin a roinnt
- Dea-chleachtas i mbainistíocht na héagsúlachta teangeolaíche a chomhroinnt agus a fhorbairt

Bí i do bhall den ghréasán:


<http://www.nspk.org.uk/contact-us.html>


Téigh i dteagmháil | Get in touch

New Speakers Network
c/o School of Social Sciences
Heriot-Watt University,
Dún Éideann / Edinburgh,
EH14 4AS
Albain / Scotland

+44 (0)131 451 4200

costnewspeaker@gmail.com

 twitter.com/COSTNewSpeakers

 www.facebook.com/COSTNewSpeakers

Use our website to:

- Find research and information on new speakers in multilingual contexts
- Read about case studies in a range of contexts and sites
- Share your own research and projects
- Share and develop good practice for managing linguistic diversity

Join the network:

<http://www.nspk.org.uk/contact-us.html>

